*Bliain 6 / Primary 6*

**An Trá**

Bróga ar mo chosa
Cóta ar mo dhroim
Miotógaí ar mo lámha
Hata ar mo cheann.

Druideann Daidí an doras
Is maith liom an lá,
Triúr againn le chéile
Síos go dtí an trá.

Feicim ar an bhealach
Bláthanna ag fás,
Eitleáin ag eitilt
Bádaí beaga ar snámh.

Tógaim liom mo liathróid
Buicéid agus spáid
Déanaim caisleán láidir
Thíos ag bun an trá.